Tuarascáil na gCuideachtaí 2010

Arna chur faoi bhráid an Oireachtais de réir fhorálacha Acht na gCuideachtaí 1963 go 2009.

An Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta
Department of Jobs, Enterprise and Innovation

BROLLACH

Is cúis áthais dom Tuarascáil Bhliantúil na gCuideachtaí don bhliain 2010 a chur i láthair, ina leagtar amach, mar achoimre, na príomh-athruithe a rinneadh ar chreat reachtach na gcuideachtaí.

Bliain ghnothach ab ea 2010, inar tugadh éifeacht do 19 nIonstraim Reachtúil i ndáil le forfheidhmiú. Rinne an Stiurthóir um Fhorfheidhmiú Corparáideach mórobair chun an imscrúdú ar Bhanc Angla-Éireannach atá ar siúl i gcónaí a chur ar aghaidh. Mar bhuaicphointe na hoibre seo cuireadh isteach ceithre chomhad agus tuarascálacha chuig an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí. I 2009 tháinig méadú ar líon na gcuideachtaí nua. Ionchorpraíodh 1,100 cuideachtaí nua ar an meán gach mí.

Áirítear ar na hIonstraimí Reachtúla a rinneadh i 2010 Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Iniúchtaí Reachtúla) (Treoir 2006/43/CE) (2010 I.R. Uimh. 220 de 2010) 2010 lenar bronnadh feidhmeanna suntasacha breise ar Údarás Maoirseachta Iniúchta agus Cuntasaíochta na hÉireann. Is príomhsprioc na Treorach é go mbunófaí caighdeáin íosta le haghaidh rialaithe agus maoirseachta ar iniúchóirí reachtúla mar aon le riachtanas dearbhú feabhais seachtrach chomh maith le soiléiriú a thabhairt maidir leis na dualgais a bhíonn ar iniúchóirí reachtúla. Mar thoradh air sin méadaíodh freagrachtaí Údarás Maoirseachta Iniúchta agus Cuntasaíochta na hÉireann maidir le hiniúchóirí reachtúla agus ina theannta seo cuireadh freagracht ar an Údarás as clárú agus maoirseacht iniúchóirí tríú tíre, is é sin, iniúchóirí cuideachtaí atá ionchorpraithe i dtír lasmuigh den AE agus atá liostaithe ar mhargadh rialáilte in Éirinn. Chláraigh Údarás Maoirseachta Iniúchta agus Cuntasaíochta na hÉireann 24 iniúchóir i 2010 de réir bhearta idirthréimhseacha a bhfuil forálacha déanta ina leith ag an gCoimisiún Eorpach.

Tá áthas mór orm go bhfuil cóip bhog de Chodanna 1 go 15 de Bhille na gCuideachtaí foilsithe. Is céim thábhachtach é i bhforbairt dlí na gcuideachtaí in Éirinn. Cuirfidh forálacha an bhille seo beatha as an nua isteach sa chaidreamh idir Cuideachtaí Éireannacha agus an gcód reachtach a rialaíonn a n-ionchorprú agus oibríocht leantach. Cuimsíonn codanna 1 go 15 an dlí ar fad a bhaineann leis an gcineál cuideachta is coitianta in Éirinn, is é sin, an chuideachta phríobháideach faoi theorainn scaireanna. Ba mhaith liom aitheantas a thabhairt don obair a rinne an Grúpa um Athchóirithe Dlí na gCuideachtaí a dhréachtaigh Cinn an Bhille agus táim ag tnúth leis an chuid eile de. Táthar ag súil go mbeidh sé críochnaithe i lár 2012.

Tá sonraí na ngníomhaíochtaí a bhí ar siúl ag Oifig an Stiúrthóra um Fhorfheidhmiú Corparáideach, an Oifig um Chlárú Cuideachtaí agus ag Údarás Maoirseachta Iniúchta agus Cuntasaíochta na hÉireann le linn 2010 ar fáil ina gcuid tuarascálacha bliantúla agus ar a suíomhanna idirlín dá ndéantar tagairt sa codanna den tuarascáil seo a bhaineann le hábhar.

Richard Bruton
Aire Post, Fiontair agus Nuálaíochta

CLÁR ÁBHAR

Caibidil 1 Forbairtí Reachtaíochta 1

Caibidil 2 Athchóiriú Dlí na gCuideachtaí 9

Caibidil 3 Feidhmeanna Reachtúla an Aire Post, Fiontair agus Nuálaíochta 10

Caibidil 4 Gníomhaireachtaí/Oifigí atá ag oibriú i Réimse Dhlí na gCuideachtaí 13

Aguisín 1 Stocmhalartán na hÉireann 15

Aguisín 2 Euroclear UK & Ireland (EUI) 21

Aguisín 3 Cuntas Leachtaithe na gCuideachtaí an 31 Nollaig 2010 29

Aguisín 4 Eolas Teagmhála Rannóige Dlí na gCuideachtaí 33

Caibidil 1 Forbairtí Reachtaíochta

REACHTAÍOCHT THÁNAISTEACH

Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Treoir 2006/46/EC) (Leasú) 2010 (I.R. Uimh. 83 de 2010)

Tugann na Rialacháin seo mar aon le Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Treoir 2006/46/CE) 2009, I.R. Uimh. 450 de 2009, éifeacht do Threoir 2006/46/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle den 14 Meitheamh 2006. Leasaíonn siad Treoracha seo a leanas ón gComhairle: 78/660/CEE maidir le cuntais bhliantúla de chuid saghsanna áirithe cuideachtaí, 83/349/CEE maidir le cuntais chomhdhlúite, 86/635/CEE maidir le cuntais bhliantúla agus chomhdhlúite de chuid bancanna agus institiúidí airgeadais eile nach iad agus 91/674/CCE maidir le cuntais bhliantúla agus chomhdhlúite de chuid gnóthas árachais. Sna Rialacháin déantar gnéithe áirithe d'I.R. Uimh 450 de 2009 a shoiléiriú i ndáil len í a chur i bhfeidhm. Cuireadh lámh leo ar an 25 Feabhra 2010.

Rialacháin na gCuideachtaí (Stocmhalartáin Aitheanta) 2010 (I.R. 100 de 2010)

Forordaíonn Rialacháin na gCuideachtaí (Stocmhalartáin Aitheanta) 2010 Stocmhalartán Londain, Stocmhalartán Nua Eabhraic agus an margadh dá nglaoitear Nasdaq atá á oibriú ag *Nasdaq Stock Market Incorporated* mar stocmhalartáin aitheanta. Tugtar aitheantas dóibh seo chun críocha ailt 212 d'Acht na gCuideachtaí 1990 de réir mar a leasaíodh é, d'fhonn cead a thabhairt do chuideachtaí poiblí Éireannacha a gcuid scaireanna féin a "cheannach ar mhargaí thar lear" ar stocmhalartán aitheanta. Leasaíodh an tAcht den bhliain 1990 trí Acht na gCuideachtaí 2009 (Forálacha Ilghnéitheacha) ar cuireadh lámh leis ar an 24 Nollaig 2009. Le hAcht na bliana 2009 tugadh isteach an cineál nua ceannaigh seo – "ceannach ó mhargadh thar lear" chun idirdhealú idir ceannach margaidh lasitigh den Stát agus lasmuigh den dlínse.

Rialacháin na gCuideachtaí (Foirmeacha) 2010 (I.R. 101 de 2010)

Le Rialacháin na gCuideachtaí (Foirmeacha) 2010 déantar Foirm H5 a leasú agus a thabhairt cothrom le dáta. Foirm fhorordaithe is ea Foirm H5 nach mór do chuideachta a chomhlánú agus a sheoladh ar ais chuig Cláraitheoir na gCuideachtaí má cheannaíonn sí a cuid scaireanna féin agus/nó scaireanna i gcuideachta shealbhaíochta. Leasaíodh foirm H5 d'fhonn alt nua, is é sin, "Cuid B" a thabhairt isteach nach n-úsáidtear ach amháin le haghaidh ceannach ó mhargaí thar lear.

Rialacháin Trédhearcachta (Treoir 2004/109/CE) ()Leasú) 2010 (I.R. Uimh. 102 de 2010) - http://www.irishstatutebook.ie/2010/en/si/0102.html

Leis na Rialacháin leasaítear tagairtí téacs áirithe sna Rialacháin Trédhearcachta (Treoir 2004/109/CE) 2007 (IR. Uimh. 277 de 2007).

Acht na gCuideachtaí (Iniúchádh agus Cuntasaíocht) 2003 (Tosach Feidhme) Ordú 2010 (I.R. Uimh. 177 de 2010)

Socraíonn an tOrdú seo an dáta a dtagann Ailt 38, 39 agus 40 d' Acht na gCuideachtaí (Iniúchadh agus Cuntasaíocht) 2003 i bhfeidhm. Le hAilt 38, 39 agus 40 leasaítear Ailt 198, 199 agus 200 d'Acht na gCuideachtaí, 1990 faoi seach. Eascraíonn tosach feidhme na n-alt seo de réir mar a chuirtear Treoir 2006/43/CE i bhfeidhm. Tá éifeacht leis an Ordú ón 28 Aibreán 2010.

Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Iniúchtaí Reachtúla) (Treoir 2006/43/CE) (2010 I.R. Uimh. 220 de 2010)

Leis na Rialacháin seo tugtar éifeacht do Threoir 2006/43/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle den 17 Bealtaine 2006 i ndáil le hiniúchtaí reachtúla ar chuntais bhliantúla agus chomhdhlúite. Leasaíonn sé na Treoracha seo a leanas ón gComhairle: 78/660/CEE i ndáil le cuntais bhliantúla de chuid saghsanna áirithe cuideachtaí agus 83/349/CEE i ndáil le cuntais chomhdhlúite. Aisghaireann sé Treoir 84/253/CEE ón gComhairle 84/253/EEC maidir le daoine a fhaomhadh atá freagrach as na hiniúchtaí reachtúla a dhéanamh ar dhoiciméid chuntasaíochta. Áirítear ar fhorálacha sa Treoir atreisiú agus comhchuibhiú na feidhme iniúchta reachtúla ar fud an AE agus sonrú na bprionsabal um mhaoirseacht phoiblí i ngach Ballstát. Ina theannta seo foráiltear go mbeidh dearbhú feabhais seachtrach riachtanach agus go gcaithfear dualgais iniúchóirí reachtúla a shoiléiriú. Chomh maith leis sin leagtar amach prionsabail neamhspleáchais a bhaineann le gach iniúchóir reachtúil agus iarrann ar chuideachtaí liostaithe coiste iniúchóireachta a bhunú a bhfuil feidhmeanna atá leagtha amach go soiléir aige. Cuireadh lámh leis na Rialacháin seo ar an 20 Bealtaine 2010.

Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Bearta idirthréimhseacha maidir le hIniúchóirí Tríú Tíre) (Táillí) 2010 (I.R. 251 de 2010)
http://www.irishstatutebook.ie/2010/en/si/0251.html

Sna Rialacháin seo sonraítear méid na táille nach mór d'iniúchóir ó thríú tír a íoc le hÚdarás Maoirseachta Iniúchta agus Cuntasaíochta na hÉireann de réir Rialacháin 4 de Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Bearta Idirthréimhseacha maidir le hIniúchóirí Tríú Tíre) 2009.

Ordú Acht na gCuideachtaí (Forálacha Ilghnéitheacha) 2009 (Tosach Feidhme) 2010 (I.R. Uimh. 424 de 2010) -
http://www.irishstatutebook.ie/2010/en/si/0424.html

Tosaíonn an t-ordú seo míreanna (i) agus (j) d'alt 3 agus d'alt 5 d' Acht na gCuideachtaí (Forálacha Ilghnéitheacha) 2009 (Uimh. 45 de 2009) le héifeacht ón 7 Meán Fómhair 2010.

Leis na hailt sin foláiltear le haghaidh sásra a chuireann ar chumas aonáin ciste chomhinfheistíochta áirithe atá lonnaithe i ndlínsí lena mbaineann aistriú go

hÉirinn gan ceanglas a bheith orthu a ngnóthais a fhoirceannadh sna dlínsí ina bhfuil siad (déantar tagairt don méid sin thíos mar 'sásra do chistí a aistíonn isteach'). Tá sásra comhthreomhar sna hailt leis, lena gceadaítear do chistí Éirinneacha aistriú chuig dlínsí lena mbaineann gan ceanglas a bheith orthu foirceannadh in Éirinn ar dtús (déantar tagairt don méid sin thíos mar 'sásra do chistí a aistíonn amach').

Rinneadh sé chinn d'orduithe agus de rialacháin eile mar thacaíocht do na sásraí seo. Tá teideal iomlán agus na naisc leictreonacha chuig gach ceann de na hionstraimí reachtúla seo leagtha amach thíos. Seo achoimre orthu, áfach:

- leagtar síos dlínsí le haghaidh sásra na gcistí a aistrítear isteach (I.R. Uimh. 425 de 2010);
- leagtar síos modh chun doiciméid áirithe a thagann ó dhlínsí eile a fhíordheimhniú (I.R. Uimh. 426 de 2010);
- leagtar síos dlínsí le haghaidh sásra na gcistí a aistrítear amach (I.R. Uimh. 427 de 2010);
- leagtar síos foirmeacha na hOifige um Chlárú Cuideachtaí nach mór d'iarratasóirí a úsáid de réir na sásraí chun cistí a aistriú isteach nó amach (I.R. Uimhreacha 428 agus 429 de 2010); agus
- leagtar síos táillí comhdúcháin chuig an Oifig um Chlárú Cuideachtaí (I.R. Uimh. 430 de 2010).

Na Rialacháin um Acht na gCuideachtaí 1990 (Dlínsí Ábhartha faoi Alt 256F) 2010 (I.R. Uimh. 425 de 2010) - http://www.irishstatutebook.ie/2010/en/si/0425.html

Leis na Rialacháin seo forordaítear sé dlínse mar dhlínsí ábhartha chun críocha an tsásra le haghaidh cistí a aistrítear isteach dá ndéantar tagairt i ndáil le hI.R. 424 de 2010 (thuas).

Na Rialacháin um Acht na gCuideachtaí 1990 (Alt 256F) (Doiciméid Chlárúcháin) 2010 (I.R. Uimh. 426 de 2010) - http://www.irishstatutebook.ie/2010/en/si/0426.html

Leis na Rialacháin seo forordaítear an modh chun doiciméid áirithe a dheimhniú agus a fhíordheimhniú nach mór d'iarratasóir a sheoladh chuig an Oifig um Chlárúchán Cuideachtaí má aistrítear cistí isteach (féach I.R. Uimhreacha 424 de 2010 agus 425 de 2010 thuas).

Na Rialacháin um Acht na gCuideachtaí 1990 (Dlínsí Ábhartha faoi Alt 256G) 2010 (I.R. Uimh. 427 de 2010) http://www.irishstatutebook.ie/2010/en/si/0427.html

Leis na Rialacháin seo forordaítear sé dlínse mar dhlínsí ábhartha chun críocha an tsásra le haghaidh cistí a aistrítear amach dá ndéantar tagairt i ndáil le hI.R. 424 de 2010 (thuas).

Rialacháin Chuideachtaí (Foirmeacha) (Uimh. 3) 2010 (I.R. Uimh. 428 de 2010) http://www.irishstatutebook.ie/2010/en/si/0428.html

Leis na Rialacháin seo forordaítear foirmeacha de chuid na hOifige um Chlárúchán Cuideachtaí nach mór a úsáid maidir leis na sásraí chun cistí a aistriú isteach agus amach dá ndéantar tagairt i ndáil le hI.R. 424 de 2010 (thuas).

An tOrdú Cuideachtaí (Foirmeacha) 2010 (I.R. Uimh. 429 de 2010)
http://www.irishstatutebook.ie/2010/en/si/0429.html

Leis an Ordú seo forordaítear foirm nach mór a úsáid i ndáil leis an sásra chun cistí a aistriú amach dá ndéantar tagairt i ndáil le hI.R. 424 de 2010 (thuas).

An tOrdú Cuideachtaí (Táillí) 2010. (I.R Uimh. 430 de 2010)
http://www.irishstatutebook.ie/2010/en/si/0430.html

Leis an Ordú seo forordaítear na táillí nach mór d'aonáin a íoc leis an Oifig um Chlárúchán Cuideachtaí ar mian leo leas a bhaint as na sásraí chun cistí a aistriú isteach nó amach dá ndéantar tagairt i ndáil le hI.R. 424 de 2010 (thuas).

Rialacháin Chuideachtaí (Foirmeacha) (Uimh. 2) 2010 (I.R. 436 de 2010)

Leis na Rialacháin Chuideachta (Foirmeacha) (Uimh. 2) 2010 rinneadh tuilleadh leasaithe ar an bhfoirm H5 chun go bhféadfadh cuideachtaí príobháideacha agus cuideachtaí poiblí teoranta seachas cuideachtaí poiblí teoranta a cheannaíonn scaireanna ar stocmhalartán na hÉireann nó trí cheannach ó mhargadh thar lear an fhoirm a úsáid. Úsáidfidh cuideachtaí príobháideacha, cuideachtaí poiblí teoranta agus Cuid A den bhfoirm leasaithe. Ina theannta sin úsáidtear Cuid A má a cheannaítear scaireanna ar stocmhalartán na hÉireann. Ní bhaineann Cuid A le ceannaigh ó mhargaí thar lear ach tá siad seo san áireamh i gCuid B.

Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Grúpaí Eorpacha um Leas Eacnamaíoch) (Leasú) 2010 (I.R. 447 de 2010)

Le Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Grúpaí Eorpacha um Leas Eacnamaíoch) (Leasú) 2010 leasaítear Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Grúpaí Eorpacha um Leas Eacnamaíoch) 1989 trí Rialachán 13 a bhaint amach d'fhonn an uasteorann de 20 ball a bhaint a bhí ceadaithe go dtí seo i nGrúpa Eorpach um Leas Eacnamaíoch.

Na Rialacháin um Acht na gCuideachtaí 1963 (An Naoú Sceideal) 2010 (I.R. 484 de 2010)

Leis na Riachacháin um Acht na gCuideachtaí (An Naoú Sceideal) 2010 leasaítear an Naoú Sceideal d'Acht na gCuideachtaí, 1963 trí Ionstraim Reachtúil a rinneadh de bhun Ailt 250 d'Acht na gCuideachtaí, 1990. Ba é an chuspóir a bhí leis ná Ailt 62 agus 72 go 77 d'Acht na gCuideachtaí, 1963 a chur i bhfeidhm do chuideachtaí neamhchláraithe laistigh de bhrí ailt 377 d'Acht na gCuideachtaí, 1963. Pléann siad laghdú caipiteal scaireanna.

Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Cuntais Ghrúpa) 2010 (I.R. Uimh. 606 de 2010)

Leis na Rialacháin seo chuirtear Treoir 2009/49/CE ó Pharlaimint na Eorpa agus ón gComhairle den 18 Meitheamh 2009 in éifeacht. Leasaíonn sé Treoracha ón gComhairle 78/660/CEE agus 83/349/CEE (an 4ú agus an 7ú Treoir) maidir le riachtanais nochta áirithe i ndáil le cuideachtaí meánmhéide agus i ndáil le ceanglas cuntais chomhdhlúinte a dhéanamh. Forálann an leasú go mbeadh díolúine ag mátharghnóthais nach bhfuil ach fochuideachta neamhábhartha acu ón gceanglas a éilíonn orthu cuntais chomhdhlúite agus tuarascáil bhliantúil a dhénamh. Cuireadh na rialacháin seo i bhfeidhm le héifeacht ón 1 Eanáir 2011.

Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Bearta Idirthréimhseacha maidir le hIniúchóirí Tríú Tíre) (Táillí) 2010 (I.R. 251 de 2010)
http://www.irishstatutebook.ie/2010/en/si/0251.html

Leis na Rialacháin seo sonraítear méid na táille atá le n-íoc ag iniúchóir tríú tíre le hÚdarás Maoirseachta Iniúchta agus Cuntasaíochta na hÉireann de réir Rialacháin 4 de Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Bearta Idirthréimhseacha maidir le hIniúchóirí Tríú Tíre) 2009[DC1].

Treoir 2009/49/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle den 18 Meitheamh 2009 ag leasú Treoracha ón gComhairle 78/660/CE agus 83/349/CE maidir le riachtanais nochta áirithe i ndáil le cuideachtaí meánmhéide agus i ndáil le ceanglas cuntais chomhdhlúinte a dhéanamh. (an 4ú agus an 7ú Treoir um Dhlí Cuideachta).

Leis an Treoir seo foráiltear, maidir leis an Cheathrú Treoir, do thuairisciú airgeadais níos simplí le haghaidh cuideachtaí beaga agus meánmhéide, rud as a leanfaidh go mbeidh ualach riaracháin níos lú orthu. Ag an am céanna ní bhainfear den trédhearcacht a bheadh ag teastáil ó dhaoine a bhaineann úsáid as na cuntais. Ina theannta sin forálann sé, sa tSeachtú Treoir, do shoiléiriú ar an idirghníomhú idir rialacha um chomhdhlúthú sa Treoir seo agus sna Caighdeáin Idirnáisiúnta um Thuairisciú Airgeadais. Forálann sé leis, go ndéantar dúbailt oibre ar na cuntais seo a sheachaint.

Treoir 2009/109/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle den 16 Meán Fómhair 2009 ag leasú Treoracha ón gComhairle 77/91/CEE, 78/855/CEE agus 82/891/CEE, agus Treoir 2005/56/CE maidir le ceanglais tuairiscithe agus doiciméadaithe i ndáil le cumaisc agus fo-roinntí.

Glacadh leis an Treoir seo i gcomhthéacs feachtais de chuid an AE chun ualaigh riaracháin ar chuideachtaí teoranta a dhéanann cumaisc agus fo-roinntí a laghdú. Faoin treoir seo cuirtear riachtanais tuairiscithe níos boige i bhfeidhm agus ceadaítear úsáid an idirlín/meán leictreonacha eile chun doiciméid a fhoilsiú.

Tá gá an Treoir a thrasuí faoin 30 Meitheamh 2011.

Cinneadh ón gCoimisiún den 1 Meán Fómhair 2010 (2010/485/AE) um leorgacht údarás inniúil na hAstráile agus na Stát Aontaithe de bhun Treorach 2006/43/CE ó

Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle. Leis an gCinneadh seo éascaítear malartú páipéir oibrithe iniúchóireachta idir Ballstáit an AE agus eagraíochtaí comhfhreagracha san Astráil agus i SAM. Cabhróidh seo le comhar idirnáisiúnta i maoirseacht iniúchta a threisiú, rud as a leanfaidh cosaint níos fearr d'infheisteoirí. Leis an gCinneadh seo cinntítear caomhnú rúndachta doiciméid ar bith dá short a d'fhéadfadh údaráis i dtríú tíortha a fháil ó Bhallstáit an AE. Tá scrúdú á dhéanamh ar an gCinneadh maidir le riachtanais um chur i ngníomh.

Cinneadh ón gCoimisiún den 19 Eanáir 2011 (2011/30/AE) um chomhionannas maidir le maoirseacht phoiblí, dearbhú feabhais, imscrúdú agus córais phionóise d'iniúchóirí agus d'aonáin iniúchóireachta ó thríú tíortha áirithe agus idirthréimhse le haghaidh gníomhaíochtaí iniúchóireachta de chuid iniúchóirí agus aonáin iniúchóireachta ó thríú tíortha áirithe san Aontas Eorpach. Éascaíonn an Cinneadh comhar níos láidre idir Ballstáit agus 10 gcinn de thríú tíortha ar glacadh leo mar thíortha comhionannacha i dtreo go bhféadfaidh siad brath ar imscrúduithe a chéile a dhéanann siad ar ghnólachtaí iniúchóireachta. Ina theannta sin deonaíonn an Cinneadh idirthréimhse d'iniúchóirí ó 20 ceann de thríú tíortha, rud as a leanann go dtugtar cead dóibh leanúint dá ngníomhaíochtaí iniúchóireachta san AE le linn do thuilleadh measúnuithe a bheith á ndéanamh. Tá scrúdú á dhéanamh ar an gCinneadh maidir le riachtanais um chur i ngníomh.

Leanann an Cinneadh seo Cinneadh 2008/627/CE den 29 Iúil 2008 a dhéanan foráil d'idirthréimhse maidir le gníomhaíochtaí iniúchóireachta a bhíonn ar siúl ag iniúchóirí agus ag aonáin iniúchóireachta ó thríú tíortha áirithe san Aontas Eorpach.

TOGRAÍ AMACH ANSEO

Reacht le haghaidh Cuideachta Phríobháideach Eorpach (Societas Privata Europaea – SPE)

Is cuid den Acht um Ghnólachtaí Beaga don Eoraip é an Reacht mholta le haghaidh Cuideachta Príobháidí Eorpaí. Leagtar amach mar Rialachán é agus cuimsíonn sé sraith rialacha comhionanna cuideachta a chuirfí i bhfeidhm do SPE ar bith a bhunófaí i mball ar bith ar fud na mBallstát. Go bunúsach, tugann sé rogha d'fhiontraithe SPE a bhunú seachas cuideachta phríobháideach theoranta faoin dlí náisiúnta. Is é is cuspóir don SPE ná cabhrú le gnólachtaí beaga agus meánmhéide Eorpacha gnó a dhéanamh go héasca lena chéile trasna teorainneacha. Chuige seo tugann sé cruth dlíthiúil dóibh atá mar an gcéanna i ngach Ballstát.

Tá stop curtha leis an togra seo faoi láthair mar níl ag éirí leis na ballstáit teacht ar aon tuairim maidir leis na saincheisteanna seo a leanas – ceanncheathrú an SPE, Scairchaipiteal atá ag teastáil agus Rannpháirtíocht Fostaithe.

Athbhreithniú ar Threoir Réamheolaire (Treoir 2003/71/CE)

De réir na bpriosabal um "Rialáil Níos Fearr" d'fhoilsigh an Coimisiún Eorpach moladh chun an Treoir Réamheolaire a leasú (Treoir 2003/71/CE) go déanach i mí Mheán Fómhair 2009. Is cuid de bheart ar mhaithe le simpliú é an moladh seo i gClár

Gnímh an Choimisiúin Eorpaigh chun Ualaigh Riaracháin san Aontas Eorpach a laghdú. Méadaíonn an moladh soiléire agus éifeachtacht ó thaobh an dlí de sa chóras réamheolaire agus laghdaíonn sé ualaigh riaracháin atá ar lucht eisithe agus ar idirghabhálaithe. De bhreis air seo léiríonn sé a thábhacht is atá sé an leibhéal cosanta don infheisteoir a chur ar aghaidh agus a chinntiú go bhfuil an t-eolas a chuirtear ar fáil leordhóthanach chun freastal ar riachtanais infheisteoirí miondíola. Tá sé bunaithe ar chomhairliúchán leis na príomhluchtanna leasa ar fad.

Ar an 11 Nollaig 2010 foilsíodh an téacs críochnaitheach den Treoir a leasaíon an Treoir Réamheolaire agus den Treoir um Thrédhearcacht (an "Treoir Leasaitheach") in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh. Cuirfear an Treoir Leasaitheach i bhfeidhm ar an 31 Nollaig 2010 agus tá ar na Ballstáit na hathruithe a chur i ngníomh faoin 1 Iúil 2012.

Athbhreithniú ar an Treoir um Drochúsáid Mhargaigh (Treoir 2003/6/CE)

Tá athbhreithniú á dhéanamh ag Coimisiún an AE faoi láthair ar an Treoir um Drochúsáid Mhargaidh de réir forála sa Treoir a éilíonn nach mór athbhreithniú dá leithéid a dhéanamh i gceann gach cúigú bliain i ndiaidh a glactha. Tá measúnú á dhéanamh faoi láthair ar aighneachtaí agus ar thuairimí as comhairliúchán poiblí agus táthar ag súil go ndéanfaidh an Coimisiún moltaí maidir le leasuithe ar an Treoir i 2011.

Thrasuigh na Rialacháin um Dhrochúsáid Mhargaidh (Treoir 2003/6/CE) 2005 (I.R. Uimh. 342 de 2005) a tháinig i bhfeidhm ar an 6 Iúil 2005, chomh maith le Cuid 4 den Acht um Chistí Infheistíochta, Cuideachtaí agus Forálacha Ilghnéitheacha 2005 an Treoir um Dhrochúsáid Mhargaidh i nDlí na hÉireann.

Moladh chun an Treoir um Thrédhearcacht (Treoir 2004/109/CE) a leasú

Tá próiseas athbhreithnithe ar bun i ndáil leis an Treoir um Thrédhearcacht. Chuimsigh an próiseas seo staidéar a rinne Mazars thar ceann an Choimisiúin, comhdháil phoiblí agus gníomh comhairliúcháin i 2010 maidir le réimsí ar moladh go leasófaí iad. Táthar ag díriú go háirithe ar fhorbairt creatlaí chun tarraingteacht gnólachtaí beaga agus meánmhéide liostaithe a mhéadú le haghaidh infheisteoirí/lucht anailíse de bharr go bhfuil níos lú maoinithe ar fáil ó na bainc mar thoradh ar an ngéarchéim airgeadais.

Táthar ag súil go ndíreoidh na leasuithe go háirithe ar rud dá nglaoitear córas um nochtadh comhréireach a bhunú i réimsí áirithe a bhaineann le gnólachtaí beaga agus meánmhéide liostaithe. Tá coincheap an chórais um nochtadh comhréireach seo bunaithe sa Treoir cheana féin agus tá forbairt déanta air sna leasuithe a rinneadh ar an Treoir sin. Táthar ag féachaint ar shlite chun an t-ualach a chuireann an Treoir ar chuideachtaí go ginearálta a laghdú agus an líon suntasach cuideachtaí atá á ndíliostú féin ón stocmhargadh ar fud an AE a thabhairt san áireamh.

Páipéar Uaine de chuid Coimisiún an AE um Bheartas Iniúchóireachta amach anseo Eisíodh an páipéar seo i mí Dheireadh Fómhair 2010 le linn d'iarmhairtí na géarchéime airgeadais domhanda a bheith ag imirt ar an saol agus i gcomhthéacs ginearálta an athchóirithe ar an margadh airgeadais. Leis an bPáipéar Uaine osclaítear díospóireacht ar ról agus ar fheidhm an iniúchóra agus chuir sé an méid sin i suíomh na timpeallachta oibriúcháin d'iniúchóirí [DC2]agus i gcomhthéacs níos fairsinge na cobhsaíochta airgeadais. Tugann sé deis na cuspóirí a mheas atá beartaithe don iniúchadh, cé acu an bhfuil nó nach bhfuil na cuspóirí seo bainte amach aige, cé acu an bhfuil nó nach bhfuil baint aige le hábhar sa bhformáid atá aige faoi láthair i ndáil leis an timpeallacht oibriúcháin ghnó atá againn faoi láthair agus, mura bhfuil, cad a d'fhéadfaí a dhéanamh chun é a leasú d'fhonn go bhfónfadh sé dá chuspóirí as seo amach.

Meastar go dtarraingeofar reachtaíocht ar bith a thabharfaidh plé an Choimisiúin i ndiaidh an phróiseas comhairliúcháin san áireamh anuas faoi dheireadh 2011.

Is féidir cóipeanna den reachtaíocht a cheannach go díreach ón Oifig Díolta Foilseachán Rialtais, Sráid Theach Laighean, Baile Átha Cliath 2. Guthán (01) 647 6879 nó tríd an bpost ó Fhoilseachán Rialtais, or by post from Government Publications, An Rannóg Trádála Poist, 4/5 Bóthar Fhearchair, Baile Átha Cliath 2. Guthán: (01) 6733515 fo-líne. 4040/4045; Facs: (01) 6476843.

Tá téacsanna na nAchtanna, na nIonstraimí Reachtúla agus na Rialachán a bhaineann le cuideachtaí ar fáil ar shuíomh idirlín na Roinne www.djei.ie *. Tá siad ar fáil leis, ar shuíomh idirlín Thithe an Oireachtais* www.oireachtas.ie *agus ar shuíomh idirlín Oifig an Ard-Aighne* www.attorneygeneral.ie.

Caibidil 2 Athchóiriú Dlí na gCuideachtaí

An Grúpa Athbhreithnithe ar Dhlí na gCuideachtaí

Tá 26 bhall ar Choiste Iomlánach an Ghrúpa Athbhreithnithe ar Dhlí na gCuideachtaí. Áirítear orthu cleachtóirí Dlí na gCuideachtaí, rialálaithe agus eagraíochtaí ionadaíochta agus is é an Dr. Thomas B. Courtney, ó Arthur Cox Solicitors cathaoirleach an choiste. Ba í an phríomhobair a bhí ar siúl ag an nGrúpa i 2010 ná a Thuarascáil agus moltaí ón gclár oibre a bhí ar bun aige roimhe a fhoilsiú. Sa tuarascáil pléitear roinnt saincheisteanna faoi dhlí na gcuideachtaí a bhaineann le mórán réimsí ar nós clárú, dlí comhpháirtíochta agus nua-aoisiú. I dtreo deireadh na bliana 2010 rinne baill den Ghrúpa um Athchóiriú Dlí na gCuireachtaí obair thábhachtach maidir le Bille na gCuideachtaí: Rinne siad athbhreithniú ar dhréachtaí déanacha de chomhchodanna a bhí forbartha ag Oifig na nDréachtóirí Parlaiminte agus an Roinn.

Clár Oibre 2010/2012

Tá timthriall dhá bhliain ag clár oibre an Ghrúpa Athbhreithnithe ar Dhlí na gCuideachtaí. Ba é an tAire Trádála agus Tráchtála a shann an clár reatha i mí Mhárta 2010. Cuimsíonn an clár 12 mhír. Tá an clár oibre ar fáil ar www.clrg.org mar aon le foilseacháin an Ghrúpa.

Bille Comhdhlúthú agus Athchóiriú na gCuideachtaí

D'fhoilsigh an Grúpa Athbhreithnithe ar Dhlí na gCuideachtaí a Scéim Ghinearálta den Bille Comhdhlúthú agus Athchóiriú na gCuideachtaí (Bille na gCuideachtaí) i mí Iúil 2007. D'fhaomh an Rialtas dréachtú Bille dá éis sin de réir mar a bheadh Scéim Ghinearálta. Leis an mBille molta comhdhlúthófar Achtanna na gCuideachtaí atá i bhfeidhm in Éirinn i láthair na huaire, is iad sin na hachtanna a ritheadh ó 1963 go 2009, mar aon le rialacháin eile agus forálacha faoin ndlí coiteann i ndáil le cuideachtaí a chorprú agus a oibriú in aon Acht amháin ina mbeidh breis is 1,300 alt. Táthar ag súil le cóip bhog den bhille a fhoilsiú i 2012.

Caibidil 3 Feidhmeanna Reachtúla an Aire Post, Fiontair agus Nuálaíochta

Tá roinnt feidhmeanna reachtúla eile ag an Aire Post, Fiontair agus Nuálaíochta faoi na hAchtanna Cuideachtaí. Sa chaibidil seo tugtar tuairisc ar chomhlíonadh na bhfeidhmeanna sin i 2010.

Cuideachtaí a raibh diolúine acu maidir sonraí stiúrthóirí ar pháipéar ceannteidil a thaispeáint

Sonraítear in Ailt 196 d'Acht na gCuideachtaí 1963 nach mór sonraí maidir leis na Stiúrthóirí a thaispeáint ar gach litreacha gnó cuideachta. D'fhéadfaí diolúine a dheonú i gcúinsí áirithe.

Sa tábla seo taispeáintear líon na gcuideachtaí a raibh diolúine acu ón dualgas sonraí a thaispeáint le linn na gcúig bliana atá thart:

	2006	2007	2008	2009	2010
Cuideachtaí a raibh diolúine acu	2	5	3	4	2
Iarratais a diúltaíodh	9	4	8	2	5

Réamheolairí le haghaidh Scéimeanna Fairsingiú Gnó

Is í an fheidhm atá ag an Aire Post, Fiontair agus Nuálaíochta i ndáil le cistí na Scéimeanna Fairsingiú Gnó ná a chinntiú go dtugann an réamheolaire agus an t-ábhar poiblíochta le haghaidh ciste gach eolas atá riachtanach dóibh siúd atá ag cuimhneamh ar infheistiú a dhéanamh, i dtreo go mbeidh ar a gcumas cinneadh neamhspleách a dhéanamh má tá siad chun infheistiú i gciste faoi leith.

Faoi alt 5 den Acht um Chistí Infheistíochta Ainmnithe 1985 tá ar an Aire Post, Fiontair agus Nuálaíochta téarmaí an réamheolaire agus ábhar poiblíochta eile a fhaomhadh i leith gach aon chiste agus déanann na Coimisinéirí Ioncaim na gnéithe cánach a imscrúdú. Éilíonn Acht na bliana 1985 nach mór go bhfuil ráitis soiléire ann:

(i) i dtaobh na rioscaí a ghabhann leis;
(ii) nach luífidh dliteanas ar bith ar an Aire;
(iii) nach n-éireoidh ceart ar bith chun an fhaoisimh de bhíthin amháin gur thug an tAire ceadú
(iv) gur chóir d'infheisteoir comhairle ghairmiúil a lorg sula suibscríobhann sé chuig ciste.

Is ar an infheisteoir atá an fhreagracht measúnú a dhéanamh ar bona fideanna ciste faoi leith i ndeireadh thiar.

Faomhadh ceithre iarratas i 2010, mar seo a leanas:

Ainm	Méid an chiste	Iontaobhaithe	Bainisteoir	Táille an Bhainisteora
The 2010 Simple.ie Green BES Fund	€500,000 (íosmh.) €10m (uasmh.)	Capita Corporate Trustees Limited.	BVP Investments Limited	**4%** iníoctha ag rannpháirtithe ar mhéid na hinfheistíochta
The 2010 Pinnacle BES Fund	€2m (íosmh.) €10m (uasmh.)	IFG Trust Company Limited	Pinnacle Capital Partners Limited	**3.5%** iníoctha ag rannpháirtithe ar mhéid na hinfheistíochta
The 2010 Davy BES Fund	€2m (íosmh.) €10m (uasmh.)	Capita Corporate Trustees Limited.	BES Management Limited	**3.5%** iníoctha ag rannpháirtithe ar mhéid na hinfheistíochta
The 2010 Horizon BES Fund	€1m (íosmh.) €10m (uasmh.)	IFG Trust Company Limited	Quintas Wealth Management Limited	**3.5%** iníoctha ag rannpháirtithe ar mhéid na hinfheistíochta

Rúnaithe Cuideachtaí Poiblí Teoranta

Le hAlt 236 d'Acht na gCuideachtaí 1990 leagtar dualgas ar stiúrthóirí cuideachta poiblí teoranta gach aon chéim réasúnta a ghlacadh chun a chinntiú go bhfuil eolas cuí agus taithí leordhóthanach ag rúnaí na cuideachta chun dualgas an rúnaí a chomhlíonadh de réir mar atá sonraithe san Acht. Forálann an tAlt go bhféadfadh an tAire comhlachtaí ábhartha a aithint chun críocha an Ailt seo. Tá an t-aitheantas seo tugtha ag an Aire d'Institiúid na Rúnaithe agus na Riarthóirí Cairte. Níl aon dualgas ar rúnaí cuideachta poiblí teoranta a bheith ina bhall de chomhlacht aitheanta.

Ba é 38,342 líon iomlán ball na hInstitiúide ar fud an domhain amhail an 31 Iúil 2010

	Ar fud an domhain	in Éirinn
Comhpháirtithe agus Comhaltaí	34,551	526
Céimithe	3791	76

Nóta: Ní féidir leis an Institiúid idirdhealú idir Comhpháirtithe agus Comhaltaí ar fud an domhain de bharr gur athraíodh an modh ina gcnuasaíonn sí na sonraí seo. Ciallaíonn 'Céimí' iarrthóir ar an nGairm a bhfuil na riachtanais oideachais

comhlíonta aige nó aici cé nach bhfuil na critéir eile sásaithe aige/aici go fóill a mheastar a bheith riachtanach le haghaidh ballraíochta.

Tá tuairisc tugtha ag an Institiúid nach bhfuarthas aon ghearán maidir le haon bhall ar bith i Réigiún na hÉireann i 2010.

Caibidil 4 Gníomhaireachtaí/Oifigí atá ag oibriú i Réimse Dhlí na gCuideachtaí

Soláthraíonn an Chaibidil seo naisc dhíreacha chuig Tuarascálacha Bliantúla na hOifige um Chlárú Cuideachtaí, Oifig an Stiúrthóra um Fhorfheidhmiú Corparáideach, Údarás Maoirseachta Iniúchta agus Cuntasaíochta na hÉireann agus Phainéal Táthcheangail na hÉireann.

Tá Tuarascálacha Stocmhalartán na hÉireann agus Euroclear UK & Ireland, ag gabháil le hAguisín 1 agus 2 faoi seach.

1. An Oifig um Chlárú Cuideachtaí

Beidh Tuarascáil Bhliantúil na hOifige um Chlárú Cuideachtaí ar fáil ar láithreán gréasáin na hOifige agus é foilsithe. Is féidir rochtain a fháil uirthi ag http://www.cro.ie/en/downloadscorporate.aspx

2. Oifig an Stiúrthóra um Fhorfheidhmiú Corparáideach

D'fhoilsigh an Stiúrthóir um Fhorfheidhmiú Corparáideach a naoú Tuarascáil Bhliantúil don bhliain 2009 de bhun alt 16(1) den Acht um Fhorfheidhmiú Dlí Cuideachtaí, 2001. Is féidir an Tuarascáil a íoslódáil ar láithreán gréasáin an ODCE agus is féidir rochtain a fháil uirthi ag http://www.odce.ie/en/media_general_publications_article.aspx?article=408716b9-159a-464f-9cc3-aebf9204178a

3. Údarás Maoirseachta Iniúchta agus Cuntasaíochta na hÉireann

Ceanglaítear ar Údarás Maoirseachta Iniúchta agus Cuntasaíochta na hÉireann faoi Alt 22 d'Acht na gCuideachtaí (Iniúchadh agus Cuntasaíocht) 2003 Tuarascáil Bhliantúil a chur faoi bhráid an Aire. Beidh an Tuarascáil ar fáil ar láithréan gréasáin an IAASA ar féidir rochtain a fháil uirthi ag http://www.iaasa.ie/publications/index.htm

4. Painéal Táthcheangail na hÉireann

D'fhoilsigh Painéal Táthcheangail na hÉireann an t-aonú Tuarascáil Bhliantúil déag dá chuid de bhun Alt 19 d'Acht um Painéal Táthcheangail na hÉireann 1997. Tá an Tuarascáil, a chlúdaíonn an tréimhse idir an 1 Iúil 2007 agus an 30 Meitheamh 2008, ar fáil le híoslódáil ar láithreán gréasáin an Phainéil ag http://www.irishtakeoverpanel.ie/wordpress/wp-content/uploads/2010/10/Annual-Report-2010.pdf

Aguisín 1 Stocmhalartán na hÉireann

TUARASCÁIL BHLIANTÚIL DON AIRE POST, FIONTAIR AGUS NUÁLAÍOCHTA DE BHUN CHUID V d'ACHT NA GCUIDEACHTAÍ 1990 DON BHLIAIN DAR CRÍOCH 31 NOLLAIG 2010

CUID V, ACHT NA GCUIDEACHTAÍ, 1990

1. Cúlra

1.1 Cruthaíonn Cuid V d'Acht na gCuideachtaí 1990 (an tAcht) gur cion é bheith ag déileáil chos istigh agus déantar foráil maidir le smachtbhannaí coiriúla agus sibhialta i ndáil le sáruithe ar Chuid V.

1.2 Leagan Alt 115(1) den Acht, arna leasú leis an Acht um Fhorfheidhmiú Dlí Cuideachtaí 2002, dualgas reachtúil ar údarás iomchuí stocmhalartáin aitheanta tuarascáil a thabhairt don Stiúrthóir um Fhorfheidhmiú Corparáideach in aon chás gur dealraitheach dó go bhfuil cion déanta faoin reachtaíocht.

1.3 Chun críocha Chuid V den Acht, is stocmhalartán aitheanta é Stocmhalartán na hÉireann. Faoi Alt 107 den Acht sainmhínítear údarás iomchuí mar:-

(a) a bhord stiúrthóirí, coiste bainistíochta nó comhlacht bainistíochta eile, nó

(b) its bhainisteoir cibé cuma a dtuairiscítear é.

1.4 Ceangalaíonn Alt 120 den Acht ar Stocmhalartán na hÉireann, mar stocmhalartán aitheanta, tuarascáil bhliantúil a thabhairt don Aire Post, Fiontar, agus Nuálaíochta. Ní mór iad seo a leanas bheith san áireamh sa tuarascáil:

(a) an líon gearán scríofa a fuarthas maidir le sáruithe a d'fhéadfadh a bheith déanta ar Chuid V,

(b) an líon tuarascálacha a tugadh don Stiúrthóir um Fhorfheidhmiú Corparáideach faoi Chuid V,

(c) líon na gcásanna nár tugadh tuarascálacha don Stiúrthóir um Fhorfheidhmiú Corparáideach tar éis do dhaoine údaraithe cumhachtaí a fheidhmiú faoi Chuid V, agus,

(d) cibé faisnéis eile a fhorordófar.

1.5 An 6 Iúil 2005, achtaíodh na Rialacháin um Dhrochúsáid Mhargaidh (Treoir 2003/6/CE) 2005. Dá dheasca sin, tá urrúis a thrádálaítear ar Phríomh-mhargadh Urrús de chuid Stocmharlartán na hÉireann laistigh de raon na Rialachán um Dhrochúsáid Mhargaidh. Tá feidhm ag Cuid V maidir le hurrúis Éireannacha a trádáladh roimh an 6 Iúil 2005, agus trádálacha in urrúis Éireannacha ar ESM[DC3] an Stocmhalartáin i ndiaidh an dáta sin amháin. Ó tugadh isteach Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Margaí in Ionstraimí Airgeadais) an 1 Samhain 2007, ceanglaítear ar an Stocmhalartán, faoi Alt 67(2) na Rialachán sin, tuarascáil a thabhairt do Bhanc Ceannais na hÉireann faoi iompar a bhféadfadh mí-úsáid mhargaidh bheith i gceist leis i ndáil le hurrúis ESM.

2. Cineál an Phróisis Imscrúdaithe

Go dtí an 6 Iúil 2005, ba dhaoine údaraithe, faoi Alt 117 an Achta, a rinne imscrúdú ar sháruithe a d'fhéadfadh bheith déanta ar Chuid V. Tá sé sin i bhfeidhm i gcónaí maidir le hurrúis ESM. Faoi na Rialacháin um Mí-úsáid Margaidh, tá cumhachtaí áirithe tarmlidtha ag an mBanc Ceannais chuig an Stocmharlartán chun imscrúdú a dhéanamh ar chásanna a d'fhéadfadh bheith ina gcásanna mí-úsáide margaidh (lena n-áirítear déileáil chos istigh). Is ag an mBanc Ceannais atá an t-údarás cinnteoireachta i ndáil le ceisteanna mí-úsáide margaidh anois, chomh maith leis na hoibleagáidí tuairiscithe maidir le gníomhaíocht a rinneadh faoi na Rialacháin um Mí-úsáid Mhargaidh.

I gcomhthéacs Chuid V, maidir le torthaí a gcuid imscrúduithe, bíonn daoine údaraithe á bpleanáil, á bhfeidhmiú agus tugann siad tuarascáil orthu, i bpáirt le húdarás iomchuí den Stocmhalartán, is é sin an Príomhfheidhmeannach de ghnáth. Déantar gach cás, as a dtiocfaidh oibleagáid tuairiscithe faoi Alt 115 an Achta, a thuairisciú don Stiúrthóir um Fhorfheidhmiú Corporáideach a luaithe agus is indéanta tar éis don imscrúdú bheith déanta.

D'fhéadfadh athrú teacht ar chineál an phróisis imscrúdaithe ag brath ar shonraí áirithe gach cás. Tá struchtúr ag an bpróiseas imscrúdaithe, áfach, le cinntiú:

- go ndéantar athbhreithniú iomlán ar gach fíric a bhaineann leis an imscrúdú,

- go dtugtar aird chuí ar cheart aon amhrastaigh go bhfuil nósanna imeachta atá cothrom á riaradh,

- go dtugtar sraith iomlán fianaise ar aird le cinntiú go dtugtar tuarascáil chuimsitheach don Stiúrthóir um Fhorfheidhmiú Corparáideach más gá.

De bhreis air sin, faightear tuairim shaineolach ó speisialtóirí an tionscail agus/nó ó chomhairleoirí dlí má éilíonn cúinsí cás áirithe a leithéid.

3. Tuarascáil don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2010

1.1 De réir a chuid oibleagáidí faoi Alt 120 an Achta, tugann Stocmhalartán na hÉireann tuarascálacha don Aire i ndáil lena chuid gníomhaíochtaí le linn 2010, mar a leanas:

(a) Fuarthas cúig ghearán i scríbhinn i ndáil le sáruithe líomhnaithe ar Chuid V den Acht.

(b) Níor thug an Príomhfheidhmeannach, ina cáil mar Údarás Iomchuí faoi Chuid V den Acht, tuarascáil ar bith don Stiúrthóir um Fhorfheidhmiú Corparáideach i leith cion amhrasta.

(c) D'oibrigh daoine údaraithe cumhachtaí reachtúla i ndáil le seacht imscrúdú a rinneadh ar sháruithe líomhnaithe ar Chuid V. Bhí ceithre cinn de na himscrúduithe seo fós ar lean ag deireadh 2010.

(d) Ní raibh aon fhaisnéis eile forordaithe ag an Aire faoi Alt 120(1)(d).

TUARASCÁIL DON AIRE POST, FIONTAIR AGUS DE BHUN RIALACHÁN 10 DE RIALACHÁIN NA GCOMHPHOBAL EORPACH (GLACTHAÍ CHUIG LIOSTÚ AGUS FORÁLACHA ILGHNÉITEACHA) 2007

RIALACHÁIN NA GCOMHPHOBAL EORPACH (GLACTHAÍ CHUIG LIOSTÚ AGUS FORÁLACHA ILGHNÉITHEACHA) 2007

1. Réamhrá

Rinneadh Rialacháin na gComhphobal Eorpach 1984 (An Stocmhargadh) (I.R. Uimh. 282 de 1984) a aisghairm le linn 2007 agus cuireadh Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Glacthaí chuig Liostú agus Forálacha Ilghnéitheacha) 2007 (I.R. Uimh 286 de 2007) ina n-ionad ("na Rialacháin"). Cuireann na Rialacháin an Treoir maidir le Glacthaí Comhdhlúite agus le Tuairisciú (2001/34/CE)("an Treoir") i ngníomh mar dhlí in Éirinn. Ceapann na Rialacháin Stocmhalartán na hÉireann mar Údarás Inniúil chun críocha na Treorach agus ceanglaíonn siad air tuarascáil bhliantúil a thabhairt don Aire Post, Fiontair agus Nuálaíochta i dtaobh fheidhmiú a fheidhmeanna mar Údarás Inniúil.

Cuireann Bord Stocmhalartán na hÉireann Teoranta (an "Bord") an séú tuarascáil bhliantúil is fiche i láthair ar fheidhmiú a chuid feidhmeanna mar Údarás Inniúil sa Stát le linn 2010 de réir Rialacháin 10, Míreanna (a) go (e) de na Rialacháin. Ar mhaithe le sláine na tuarascála seo, cuireadh faisnéis i dtaobh leis an ESM, atá lasmuigh de raon na Rialachán, san áireamh anseo.

2. Na Rialacháin

Eolas Ginearálta

Le linn 2010, lean an Bord de bheith ag comhlíonadh feidhmeanna mar Údarás Inniúil mar a leagtar amach sna Rialacháin iad. Sa tréimhse sin, tarmligeadh príomhfheidhmeanna Údaráis Inniúil de chuid an Bhoird chuig an gCoiste um Liostú Cothromais agus Coiste ESM, an Coiste um Liostú Fiachais, an Coiste um Liostú Cistí Infheistíochta agus chuig Feidhmeannacht Stocmhalartán na hÉireann.

Le linn 2010, chuir Stocmhalartán na hÉireann na coinníollacha glactha i bhfeidhm maidir leis an Liostú Oifigiúil de réir na Treorach.

Ceanglaíonn na Rialacháin go dtabharfar aghaidh ar na riachtanais áirithe seo a leanas:

(a) Leasuithe a rinneadh ar Rialacha Liostaithe nó Athbhreithnithe a rinneadh ar Nósanna Imeachta

Tugadh trí cinn de Leabhair Rialacha an Mhalartáin cothrom le dáta le linn na bliana.

(b) Cineál gach urrúis ar glacadh leis ar an Liostú Oifigiúil agus an ESM

Glacadh le líon cineálacha urrús ar an Liostú Oifigiúil agus ESM le linn 2010 mar atá a leanas:

(i) Stáit agus a gcuid údarás réigiúnach nó áitiúil

Le linn 2010, glacadh le haon bhanna nua de chuid Rialtas na hÉireann agus le naoi mBille Státchiste dhéag Éireannach nua ar an Liostú Oifigiúil.

(ii) Cuideachtaí agus eisitheoirí seachas na Stáit agus a gcuid údarás áitiúil.

Ba ghnátheisiúintí caipitiúla de chuid cuideachtaí Éireannacha, agus cuideachtaí atá cláraithe ar an gcoigríoch, iad na hurrúis ar glacadh leo lena n-áirítear cothromais, ús seasta, stoc iasachta, stoc tosaíochta, bintiúir, cineálacha éagsúla urrús fiachais, GCUI agus cistí infheistíochta.

Tá na hurrúis go léir den sort seo ar glacadh leo ar an Liostú Oifigiúil agus ar ESM liostaithe in Aguisín 1 na tuarascála seo.

(c) Iarratais ar diúltaíodh dóibh cead a bheith ar an Liostú Oifigiúil agus ar ESM

Sa bhliain 2010, níor diúltaíodh d'iarratas ar bith cead bheith ar an Liostú Oifigiúil ná ar ESM.

(d) Liostú Oifigiúil agus ESM a chur ar fionraí nó ar scor

Taobh amuigh de dhá Bhanna Rialtais agus dheich mBille Státchiste a bhí dlite in 2010, leagtar amach na hurrúis ar cuireadh ar fionraí ná ar ceal sa tréimhse in Aguisín II.

(e) Aon chomhshocraíocht speisialta a rinneadh le Ballstát eile de bhun Ailt 13 den Treoir

Le linn na tréimhse atá faoi athbhreithniú, bhí sé riachtanach bheith ag comhoibriú agus bheith i dteagmháil leis an Údarás Inniúil sa Ríocht Aontaithe maidir le hurrúis Éireannacha ar Liostú Oifigiúil an Údaráis Seirbhísí Airgeadais. Tá caidreamh den chineál céanna ag Stocmhalartán na hÉireann leis an Údarás anois mar a bhí an bhliain roimhe sin.

Níorbh ann d'imthosca ar bith eile a thug gur ghá comhshocraíocht eile a chur i bhfeidhm ná bheith ag comhoibriú leis na hÚdaráis Inniúla i mBallstáit eile.

Aguisín 2 Euroclear UK & Ireland (EUI)

EOLAS GINEARÁLTA

D'fhonn úsáid chóras EUI a éascú, ar a dtugtar córas CREST chomh maith, chun urrúis Éireannacha a shocrú, rinne an tAire Stáit ag an Roinn Fiontar agus Fostaíochta na Rialacháin um Acht na gCuideachtaí 1990 (Urrúis Neamhdheimhnithe) 1996. Mar choinníoll forlíontach i gcomhair aitheantas a fháil, d'éiligh an tAire go ndéanfar tuarascáil bhliantúil a thabhairt maidir le gníomhaíochtaí an mhargaigh Éireannaigh ar chóras EUI. Is tuarascáil bhliantúil Euroclear UK & Ireland é an páipéar seo don dhá mhí dhéag dar críoch 31 Nollaig 2010.

ACHOIMRE AR 2010

I 2010 bhí na méideanna socraíochtaí thart faoi 238,000 in aghaidh an lae agus ba é an 60 miliún an t-iomlán don bhliain ar fad. Ar an meán, bhí gluaiseachtaí laethúla airgid agus stoc ag £1.0 trilliún agus £1.6 trilliún faoi seach. Próisealann EUI thart faoi 1.6 milliún idirbheart réamh-ghlanta in aghaidh an lae. Cuireadh deireadh le forbairt an phacáiste iomláin Ardán Aonair ar fud aonán Euroclear ar fad i mí Iúil. Ina ionad sin féachfaidh Euroclear le tairbhí don margadh a chur i ngníomh i dtograí aonair níos lú a luaithe agus is féidir. Táimid ag obair as láimh a chéile le Banc Shasana, leis na bancanna socraíochtaí agus le rannpháirtithe an mhargaidh d'fhonn táirge DBV Téarma a thabhairt isteach a bheidh bunaithe ar an bhfeidhmíocht thar oíche DBV atá ann cheana. Táthar ag súil le n-é a sheoladh sa dara chearthrú de 2011. Táimid ag obair i gcónaí ar Airgead an Bhanc Cheannais a thabhairt isteach leis, rud a thabharfaidh soláthar urrúis chomhthaobhaigh uathoibríoch mar thoradh ar éilimh do na bancanna socraíochta in ionad an fhéinsholáthair urrúis chomhthaobhaigh *repo* (comhaontú athcheannaigh) mar thoradh ar sholáthar faoi mar atá againn i láthair na huaire (an tsamhail SCR). Cabhróidh seo leis na bancanna socraíochta a n-úsáid leachtachta agus a gcuid costas a laghdú.

Ar an 1 Meitheamh tugadh isteach feabhsuithe ar an scéim um lascaine taraife. In ionad lascaine bliantúla tugadh isteach lascaine mhíosúil. Mar seo taispeántar a gcostais EUI do na cliaint in aghaidh gach forghníomhaithe ar shlí níos simplí agus is cabhair é chun méideanna infhaighte a fhabhraíonn le haghaidh lascainí toirte i ndeireadh na bliana a sheachaint. Cumascadh EMXCo go hiomlán le EUI i mí Mheán Fómhair. De thoradh ar an comhdhúthú seo ní gá do chliaint ach gnó a dhéanamh le cuideachta amháin i dtimthriall próiseáil idirbhearta a gcistí sa R.A., idir ródú ordaithe agus socrú agus réiteach. Táimid ag súil le cistí le haghaidh réiteachta a bheith á soláthar den gcéad uair ag bainisteoirí cistí sa chóras EUI CREST i gcaitheamh 2011.

AN CÓRAS EUI

Rinneadh córas EUI a thionscnamh i 1996 agus tá sé ceaptha chun iad seo a leanas a sholáthar:

• Socraíocht fíor-ama do réimse urrús corparáideach agus rialtais (ón mbliain 2000) agus d'ionstraimí margadh airgid (ón mbliain 2003), lena n-áirítear iad siúd a thrádálaítear ar Stocmhalartán Londan (LSE), ar Stocmhalartán na hÉireann, Saoráidí Iltaobhacha Trádála éagsúla agus scaireanna sna hinnéacsanna Eurotop 300, NASDAQ 5000 agus innéacsanna S&P 500, mar aon le cistí éagsúla a thrádálaítear ar an malartán trí mheicníocht aistrithe leabhar, agus

• An cumas urrúis a choimeád i bhfoirm leictreonach dhí-ábharaithe, a dhéantar a thaifeadadh mar chomharduithe i gcóras EUI.

Glactar páirt i gcóras EUI ar bhonn deonach. D'fhéadfadh infheisteoirí nó daoine, a thrádálaíonn urrúis, rogha a dhéanamh i dtaobh ar chóir bheith ina gcomhaltaí de chóras EUI nó nár chóir, agus na hurrúis a choimeád i gcuntais leictreonacha laistigh de chóras EUI. Aistríonn comhaltaí teideal chuig na hurrúis trí threoracha leictreonacha a ionchur sa chóras thar na gréasáin dhaingne a bunaíodh chuige sin go háirithe. Ní hé EUI a sholáthríonn na gréasáin sin ach soláthróirí gréasáin tríú páirtí (SWIFT agus BT); is é ról EUI na soláthróirí a chreidiúnú i gcoinne sraith sonraíochtaí teicniúla. Meaitseálann an córas na treoracha a ionchuirtear ar an modh seo le cinntiú go gcomhaontaíonn na príomheilimintí a ionchuireann an ceannaitheoir agus an díoltóir. Nuair a dhéantar idirbheart a shocrú:

• Déantar na hurrúis, ar ábhar don idirbheart iad, a fhéichiúnú ar chuntas an díoltóra agus a chreidiúnú do chuntas an cheannaitheora;

• Trí córas EUI, agus íocaíochtaí idirbhainc trí RTGS ar bhonn fíor-ama, tá socraíochtaí steirling nasctha ag Córas EUI agus Banc Shasana, sa tslí go ndéantar scaireanna a sheachadadh trí chóras EUI agus cistí steirling in RTGS a aistriú i gcomhthráth. Soláthraíonn Banc Ceannais agus Údarás Seirbhísí Airgeadais na hÉireann (CBFSAI) leachtacht euro ar an GUI tríd an bhfeidhmiúlacht coigeartaithe leachtachta;

• Maidir le hurrúis atá cáilithe d'aistriú leictreonach teidil (urrúis a chláraítear sa Ríocht Aontaithe go príomha), bronnfaidh córas EUI teideal dleathach iomlán ar urrúis na Ríochta Aontaithe ón aistreoir chuig an aistrí;

• Maidir le hurrúis nach bhfuil cáilithe don ETT (lena n-áirítear urrúis Éireannacha), gintear treoir nach foláir don chláraitheoir an clár a leasú i leith an aistrithe. Aistrítear an teideal dleathach nuair a nuashonraítear an clár.

Bíonn idir bhainc shocraíochta agus cláraitheoirí á gcur i gcomhéadan le córas EUI chun na críocha sin.

EUROCLEAR UK & IRELAND LIMITED: ÚINÉIREACHT AGUS RIALACHAS

I mí na Samhna 2002, tháinig CRESTCo Limited chun bheith ina fhochuideachta ar lán úinéireacht de Euroclear Bank SA/NV tar éis an idirbhirt lenar bhain CRESTCo Limited agus Euroclear Plc, i mí Mheán Fómhair 2002. Ó mhí Eanáir 2005 ar aghaidh, athstruchtúraíodh grúpa Euroclear agus bhí CRESTCo Limited ina fhochuideachta ar lán úinéireacht de chuid Euroclear SA/NV. An 1 Iúil 2007, athraíodh ainm dleathach agus oibriúcháin CRESTCo Limited go Euroclear UK & Ireland Limited. Oibríonn Euroclear Uk & Ireland Limited an córas EUI. I gcomhthéacs na tuarascála seo don bhliain 2010, cuimsíonn grúpa cuideachtaí Euroclear (grúpa Euroclear) Euroclear SA/NV agus a fhochuideachtaí oibriúcháin – Euroclear Bank, Euroclear Uk & Ireland, Euroclear France, Euroclear Nederland, Euroclear Belgium, Euroclear Finland, Euroclear Sweden, EMXCo agus Xtrakter.

Is le Euroclear SA/NV ardáin phróiseála urrús comhroinnte de chuid an ghrúpa agus soláthraíonn sé réimse seirbhísí do Lárthaisclanna Urrús (Idirnáisiúnta) de chuid an ghrúpa ((I)CSDs), EMXCo agus Xtrakter. Is comhchuideachtaí iad Euroclear Bank, Euroclear UK & Ireland, Euroclear France, Euroclear Nederland, Euroclear Belgium, Euroclear Finland, Euroclear Sweden, EMXCo agus Xtrakter, atá go léir faoi úinéireacht Euroclear SA/NV, atá ar úinéireacht ag Euroclear Plc faoi dheoidh.

Cuimsíonn Bord Stiúrthóirí EUI ionadaithe EUI agus Euroclear SA/NV, lena n-áirítear beirt stiúrthóirí neamhspleácha. Ba iad seo a leanas na stiúrthóirí an 31 Nollaig 2010:

Frederic Hannequart (Cathaoirleach)	Euroclear SA/NV
Yannic Weber	EUI
John Trundle	Euroclear SA/NV
Yves Poullet	Euroclear SA/NV
Herschel Post	Neamhspleách
Mike Williams	Neamhspleách

FO-CHOISTÍ BOIRD EUROCLEAR UK & IRELAND

Tá roinnt fochoistí ag Bord EUI, agus áirítear ar bhallraíocht an bhoird daoine a comhtoghadh lasmuigh den Bhord féin. Glacann na hionadaithe seo a leanas, ón margadh Éireannach, páirt sa bhFochoiste Araíonachta Socraíochta**:**

- Brian Healy, Stocmhalartán na hÉireann, 28 Sráid Anglesea, Baile Átha Cliath 2

- Graham O'Brien, NCB Stockbrokers Ltd, 3 Duga Sheoirse, Baile Átha Cliath 1

OIBLEAGÁIDÍ EUROCLEAR UK AND IRELAND

Leagtar amach oibleagáidí EUI i gcomhaontuithe le hÚsáideoirí agus le Rannpháirtithe. Go príomha (mar achoimre ghearr), tá oibleagáid air na seirbhísí socraíochta, a ndéantar cur síos orthu i Lámhleabhar CREST, a sholáthar. Leagtar amach i Lámhleabhar CREST feidhmiúlacht chóras EUI, agus tá sé ar fáil ar láithreán gréasáin EUI (www.euroclear.co.uk).

RANNPHÁIRTÍOCHT NA hÉIREANN SA CHÓRAS EUI

STOCMHALARTÁN NA hÉIREANN

Tá comhaontú ag EUI le Stocmhalartán na hÉireann, faoinar cheap an Malartán EUI chun seirbhísí socraíochta a sholáthar, mar aon le Meabhrán Tuisceana. Faoin Meabhrán seo, chomhaontaigh an dá pháirtí go gcomhroinnfidh siad faisnéis lena chéile, ar faisnéas leasa choitinn í nó atá chomh tábhachtach chéanna don dá pháirtí.

URRÚIS ÉIREANNACHA

Ar an 31 Nollaig 2010, ba ann do 335 urrús Éireannach ar fáil lena socrú i gCóras EUI.

RANNPHÁIRTITHE ÉIREANNACHA

Bhí na comhlachtaí Éireannacha seo a leanas ina Rannpháirtithe de chóras EUI an 31 Nollaig 2010:

Is Bróicéirí atá lonnaithe in Éirinn iad seo a leanas ar Rannpháirtithe chóras EUI iad:

- Bloxham Stockbrokers*
- Campbell O'Connor
- Davy Stockbrokers
- Dolmen Stockbrokers*
- Fexco Stockbroking*
- Merrion Capital Group
- NCB Stockbrokers**

* Sheachfoinsíodar a gcuid próiseálacha socraíochta chuig Pershing (Ireland) Ltd.

** Tosaíodh ar bheith ag úsáid Societe Generale chun socraíochtaí roinnt dá ngnóthas a phróiseáil go déanach in 2006

Coimeádaithe atá bunaithe in Éirinn agus ar Baill den gCóras EUI iad:

I láthair na huaire níl ann do choimeádaithe atá bunaithe in Éirinn agus ar baill den gcóras EUI iad.

Tabhair faoi deara: ní cuideachta Éireannach í Citibank, ach feidhmíonn sí laistigh den Lárionad Seirbhísí Airgeadais Idirnáisiúnta. Tá ionadaíocht ag Northern Trust agus Merrill Lynch sa mhargadh Éireannach chomh maith.

Cláraitheoirí atá bunaithe in Éirinn agus ar Cláraitheoirí den gCóras EUI iad

- Computershare (Ireland)
- Kerry Group plc
- Capita Corporate

Bainc Socraíochta Euro

Níl ann, faoi láthair, d'aon bhanc Éireannach a thacaíonn le socraíochtaí i gcóras EUI. Níor ghlac siad páirt sa tséirbhís 'Seachadadh versus Íocaíocht' de chuid an Bhainc Cheannais, a eisíodh an 26 Samhain 2001.

GRÚPAÍ IDIRCHAIDRIMH AN CHÓRAIS EUI

Déanann Euroclear cathaoirleacht ar shraith grúpaí idirchaidrimh agus ar mheithleacha oibre ionas gur féidir leo dul i gcomhairle i dtaobh nithe áirithe is ábhar suime do thoghlaidh éagsúla sa tionscal urrúis agus gur féidir leo iad a phlé.

Tráth an chumaisc le CRESTCo Limited, chomhaontaigh Euroclear go mbunóidh siad Coistí Comhairleacha Margaidh (MAC) i ngach tír ina mbíonn sé ag gníomhú, mar lárthaisclann urrús nó mar lárchóras socraíochta. Is é aidhm na gCoistí ná gníomhú mar bhunfhoinse comhairliúcháin do ghrúpa Euroclear agus do phobail úsáideoirí i dtaobh cúrsaí suntasacha a bhaineann lena gcuid margaí intíre faoi seach. Déantar an próiseas comhairliúcháin seo a stiúradh trí lucht bainistíochta Euroclear. Is é an margadh a roghnaíonn comhaltaí na MAC agus is é Bord Euroclear SA/NV a cheadaíonn iad.

Ghlac comhaltaí Éireannacha an Chórais EUI páirt sna grúpaí idirchaidrimh agus meithleacha oibre seo a leanas an 31 Nollaig 2010:

Grúpa Idirchaidrimh nó Meitheal Oibre	**Ionadaithe Éireannacha**
Coiste Comhairleach Mhargadh na hÉireann (MAC)	Brian Healy Cathaoirleach (Stocmhalartán na hÉireann) Eamonn Doyle (Davy Stockbrokers) Graham O'Brien (NCB Stockbrokers) Emer Nolan (Seirbhísí Urrúis Bhainc na hÉireann) Graham Shuttlewood (Royal Bank of Scotland) Albert Farrell (Bastow Charlton)

	Mary Farrell (Banc Ceannais agus Údarás Seirbhísí Airgeadais na hÉireann) Paul Shiels (Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta) Donald Halligan (Computershare) Michael Bushe (Banc Ceannais agus Údarás Seirbhísí Airgeadais na hÉireann) Joe Molony (Computershare) Yannic Weber (Euroclear) – Teagmhálaí Idirchaidrimh Euroclear
Grúpa Idirchaidrimh Retail Brokers	Cathal O'Connor (Davy Stockbrokers)

Má tá tuilleadh faisnéise uait faoi na grúpaí seo, téigh i dteagmháil le do thoil le:

Philippe Laurensy
Stiúrthóir Réigiúnach Seirbhísí caidrimh leis na Custaiméirí agus Seirbhísí Cliaint
Euroclear SA/NV
c/o 33 Cannon Street
Londain EC4M5SB
Teileafón (an Bhruiséil): +32 (0) 2 326 1452
Teileafón (Londain): +44 (0) 20 7849 0698
Seoladh Ríomhphoist: philippe.laurensy@euroclear.com

RIALACHA CREST

CAIGHDEÁIN SEIRBHÍSE CLÁRAITHEOIRÍ

Níl urrúis Éireannacha cáilithe don phróiseas ar a dtugtar Aistriú Leictreonach Teidil agus, dá bharr sin, níor athraíodh rialachán ar bith in Éirinn. Cuimsíonn riail 5 i rannán Rialacha CREST, i Lámhleabhar CREST, na sonraí a bhfuil fáil orthu sa rannán faisnéise ar láithreán gréasáin EUI. (www.euroclear.co.uk).

Tá na Caighdeáin i bhfeidhm go hiomlán ó mhí Mheán Fómhair 1997. Le linn 2009, thabhaigh cláráitheoirí Éireannacha pionós comhiomlán faoi bhun £100, agus dá bhrí sin níor cuireadh aon phionós orthu.

RIALACHA ARAÍONACHTA SOCRAÍOCHTA

Ar iarradh an mhargaidh, oibríonn EUI an córas araíonachta socraíochta. Oibríonn an Coiste Araíonachta Socraíochta (SDC) faoi théarmaí áirithe tagartha, agus déanann siad monatóireacht ar chóras a chuireann feabhas ar éifeachtúlacht socraíochtaí urrús sa Ríocht Aontaithe agus in Éirinn i gcóras EUI. Cuimsíonn an SDC cleachtóirí margaidh ar fad agus cuireann siad fíneálacha i bhfeidhm atá leagtha amach ag an margadh.

Cuimsíonn riail 6 i rannán Rialacha CREST, i Lámhleabhar CREST, na sonraí atá ar fáil sa rannán faisnéise ar láithreán gréasáin EUI. (www.euroclear.co.uk)

Níl aon ionadaíocht ag margadh na hÉIreann ar an eagraíocht achomhairc faoi láthair.

RIALACHA DROCHSHEACHADTA

Ceangalaíonn Mír 19(a)(ii) den Sceideal, a ghabhann leis na Rialacháin um Acht na gCuideachtaí 1990 (Urrúis Neamhdheimhnithe) 1996, ceanglaíonn sí ar Chóras EUI rialacha a bheith i bhfeidhm i gcomhair cásanna nuair nach féidir le cláraitheoir aistriú a chlárú, mar fhreagra ar threoir chláraithe a fhaightear ó chóras EUI, ar cheann de na himthosca (an-teoranta) atá sonraithe i Rialachán 16 (a bhaineann le horduithe cúirte srl).

Cuimsíonn riail 12 i rannán Rialacha CREST, i Lámhleabhar CREST, na sonraí a bhfuil fáil orthu sa rannán faisnéise ar láithreán gréasáin EUI. (www.euroclear.co.uk)

Níor cuireadh na nósanna imeachta freaschurtha drochsheachadta i bhfeidhm i leith urrúis Éireannacha le linn 2010.

ATHRUITHE A RINNEADH AR RIALACHA CREST

Ní dhearnadh na rialacha CREST a thabhairt cothrom le dáta i 2010 (is é an leagan dar dáta Márta 2011 an leagan is deireannaí).

BEARTA CORPARÁIDEACHA

Próiseáladh na bearta corparáideacha suntasacha seo a leanas lenar bhain urrúis Éireannacha le linn 2010:

- Eisiúnt de Cheart Bhanc na hÉireann – Bealtaine 2010

GNÓTHAÍ EORPACHA

AN TREOIR UM CHRÍOCHNAITHEACHT SOCRAÍOCHTA

An 31 Nollaig 1998, tugadh Treoir 98/26/CE ó Pharlaimint na hEorpa (Treoir um Chríochnaitheacht Socraíochta) in éifeacht mar chuid de dhlí na hÉireann i Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Críochnaitheacht Socraíochta i gCórais Íocaíochta agus Socraíochta Úrrús) 1998 (I.R. Uimh. 539 de 1998, "na Rialacháin um Chríochnaitheacht Socraíochta"). Foráiltear leis na Rialacháin um Chríochnaitheacht Socraíochta go gceapfar comhlachtaí go huathoibríoch, ar "córais íocaíochta" iad de réir bhrí alt 5 d'Acht an Bhainc Ceannais 1997. Is córas íocaíochta é córas EUI chun críocha Acht an Bhainc Ceannais 1997 agus, dá réir sin, is córas ainmnithe é de bhun na Rialachán um Chríochnaitheacht Socraíochta. Baineann Aistrithe Urrús Éireannach leas as an gcosaint a fhaightear ó na Rialacháin um Chríochnaitheacht Socraíochta dá bharr trí chóras EUI.

Cuimsíonn riail 13 i rannán Rialacha CREST, atá i Lámhleabhar CREST, na sonraí a bhfuil fáil orthu sa rannán faisnéise ar láithreán gréasáin EUI. (www.euroclear.co.uk)

NAISC IDIR CÓRAIS SOCRAÍOCHTA EILE

Soláthraíonn EUI socraíochtaí trádála agus taifeadadh sócmhainní do réimse urrús Meiriceánach, Ceanadach, Eorpach agus Astrálach trí naisc atá acu le Euroclear Bank, SIX SIS Ltd (SIS) agus DTCC.

Mar thoradh air seo féadann infheisteoirí Éireannacha réimse leathan urrús ó Iarthar na hEorpa agus ó Mheiriceá Thuaidh a shealbhú agus a shocrú ina gcuntas de chuid an chórais EUI.

TÁILLÍ AGUS TARAIFÍ EUROCLEAR UK & IRELAND

Is féidir sonraí faoi tharaifí a fháil ar rannán faisnéise láithreán gréasáin EUI (www.euroclear.co.uk).

Seol ceisteanna faoin tuarascáil seo, le do thoil, chuig:
Alison Thomas
Head of Control
Euroclear UK & Ireland Limited
33 Cannon Street
Londain EC4M 5SB
Teil.: +44 (0) 20 7849 0024
Facs: +44 (0) 20 7849 0134
R-phost: alison.thomas@euroclear.co.uk
Mí Mhárta 2011

Aguisín 3 Cuntas Leachtaithe na gCuideachtaí an 31 Nollaig 2010

AINM NA CUIDEACHTA	ÉARLAIS	Infheistithe
	€	
Metro Investments	107.36	AIBIM
Impshire Thoroughbreds	56,549.28	AIBIM
Sun Laboratories Irl Ltd	7,420.02	AIBIM
Lazard Global Liquidity Fund	58,340.01	AIBIM
Decvale Ltd	263.78	AIBIM
MJB Developments Ltd	218.79	AIBIM
Ranks (Ireland) Ltd	48.66	AIBIM
Mornington Fish Products Ltd	13,553.27	AIBIM
George Bell (Agencies) Ltd	519.53	AIBIM
Eisc Teoranta	1,938.50	AIBIM
AP Byrne Ltd	3,672.19	AIBIM
Meridian Capital Markets	11,756.62	AIBIM
Century Communications Ltd.	8.00	AIBIM
Seirbhisi na nOilean Teoranta	2,097.00	AIBIM
Sliogan Eisc na nOilean Teoranta	1,758.00	AIBIM
Carmel International Textiles Ltd.	5,034.00	AIBIM
Private Motorists Protection Assoc. Ltd.	1,792.84	AIBIM
PMPA Oil Co Ltd	429.63	AIBIM
Farm Fresh Frozen Foods	4,328.96	AIBIM
H Williams (Tamhlacht) Ltd	6,869.87	AIBIM

PMPA Garage (An tInbhear Mór) Ltd	913.85	AIBIM
PMPA Garage (Athy) Ltd	429.89	AIBIM
PMPA Garage (An Charraig) Ltd	280.28	AIBIM
PMPA Garage (Cluain Meala) Ltd	4,388.00	AIBIM
PMPA Garage (Dún Dealgan) Ltd	2,444.62	AIBIM
PMPA Garage (Ceanannas) Ltd	362.80	AIBIM
PMPA Garage (Langmhaoil Theas) Ltd	16,713.08	AIBIM
PMPA Garage (An Trá Thuaidh) Ltd	5,696.59	AIBIM
PMPA Garage (Baile Átha Luain) Ltd	75.95	AIBIM
PMPA Garage (Baile an Átha) Ltd	3,435.55	AIBIM
PMPA Garage (Blayney) Ltd	370.69	AIBIM
PMPA Garage (Bré) Ltd	1,268.85	AIBIM
PMPA Garage (Caiseal) Ltd	1,278.86	AIBIM
PMPA Garage (An Cabhán) Ltd	1,103.17	AIBIM
PMPA Garage (Leitir Ceanainn) Ltd	411.52	AIBIM
PMPA Garage (Mainistir na Corann) Ltd	2,085.04	AIBIM
PMPA Garage (An Muileann gCearr) Ltd	166.30	AIBIM
McCairns Motors (Port Láirge) Ltd	1,782.39	AIBIM
Orbitex Investment Funds PLC	12,281.41	AIBIM
Newbridge Holdings	9,824.56	AIBIM
PMPA Garage (Durlas) Ltd	968.37	AIBIM
James McMenamin Ltd	3,823.00	AIBIM
Clara Candy Ltd	694.57	AIBIM
Indequip Ltd	585.11	AIBIM

International Motor Factors (Éire) Ltd	607.13	AIBIM
PMPA Garage (Ros Cré) Ltd	231.14	AIBIM
PMPA Garage (Port Laoise) Ltd	777.99	AIBIM
North Garage (PMPA) Ltd	503.71	AIBIM
Merrill Lynch Defined Returns PLC	108,620.09	AIBIM
Dublin Cargo Handling Ltd	8,427.84	AIBIM
Close FTSE 100Income & Growth Fund PLC	15,415.25	AIBIM
Transaer International Airlines Ltd	7,254.14	AIBIM
Mark Synnott (Life & Pensions) Brokers Ltd	3,108.59	AIBIM
GLG Investments 2 Plc	7,916.78	AIBIM
The Equitable Insurance Company Ltd	51,493.41	AIBIM
Crannac Co-Operative Society Ltd	95,947.20	AIBIM
PCS Adjusters Ltd	761.18	AIBIM
Frank McGivern Ltd	616.37	AIBIM
Keno Fun Foods Ltd	300.83	AIBIM
Swiss Life Funds (IRL) Plc	14,100.48	AIBIM
Hospitals' Trust (1940) Ltd	801.98	AIBIM
White Strand Motor Inn Ltd	1,057.24	AIBIM
Interclaim Recovery Ltd	1,283.00	AIBIM
Malachy Quinn (Machinery) Ltd	462.67	AIBIM
Iona Software Ltd	2,931.83	AIBIM
Mullingar Livestock Agency Ltd	28,033.44	AIBIM
Kerrigan Insurances Ltd	516.38	AIBIM
Key Tech Enclosures Ltd	975.41	AIBIM
Irish Savings Building Society	56,806.54	AIBIM

Merrill Lynch Performance Fund	28,300.39	AIBIM
Killeavy Properties Ltd	411.83	AIBIM
Mth Midas Trading Hse (Ire) Plc	94,791.98	AIBIM
Aherlow Hotel Ltd	1,106.73	AIBIM
Dan McInenney & Sons	3,503.80	AIBIM
J Stafford (Mackeys Seeds Ltd)	89,999.15	AIBIM
FFC Financial Future Corp PLC	146,222.15	AIBIM
Saturn Fulfilment Services Ltd	822.02	AIBIM
Liam Dowdall	14,900.07	AIBIM
A Neary (Endeavor Holiday Homes)	8,400.56	AIBIM
O/L CH Ireland INC	594.42	AIBIM
Merchant Banking Ltd	35,938.25	AIBIM
Palmer Products Ltd	28,792.00	AIBIM
Alcourt Trading Ltd	2,159.47	AIBIM
Cork Art Sales Ltd	3,800.10	AIBIM
Cork Art Pottery Ltd	3,640.77	AIBIM
Axxon Waste Disposal Ltd	7,379.49	AIBIM
Ballycastle (Maigh Eo) Enterprises Ltd	12,517.54	AIBIM
Pioneer America Fund Plc	4,071.17	AIBIM
Biscayneamericas Funds Plc	5,407.89	AIBIM
Waterford Multiport Ltd	540.03	AIBIM
SMTC Manufacturing Corp of Ireland	5,071.40	AIBIM
W.P. Stewart Funds Plc	1,513.81	AIBIM
The Achievers Group Ltd	2,325.42	AIBIM
Duiske Glass Limited	350.40	AIBIM

Aguisín 4 Eolas Teagmhála Ránnóige Dlí na gCuideachtaí

Naisc suíomhanna idirlín

Rannáin Dhlí Cuideachtaí sa Roinn	www.djei.ie
An Grúpa Athbhreithnithe ar Dhlí na gCuideachtaí	www.clrg.org

Tá na rannáin seo a leanas de réimse Dlí na gCuideachtaí sa

Roinn Post, Fiontair agus Nuálaíochta
Ionad Phort an Iarla
Sráid Haiste Íochtarach
Baile Átha Cliath 2

Is í Breda Power, Uas., Rúnaí Cúnta, ceann an Rannáin. Tá roinnt rannóga sa Rannán:

(i) Beartas Dlí na gCuideachtaí

Is é an fheidhm atá ag an rannán seo ná comhairle a chur ar an Aire maidir lena chuid freagrachtaí reachtúla, freagrachtaí i leith beartais agus freagrachtaí bainistíochta a chomhlíonadh faoi Acht na gCuideachtaí 1963 go 2006. Baineann an obair seo go mórmhór leis an gcreatlach reachtach agus rialála reatha.
www.companylawadmin@djei.ie

(ii) Dlí na gCuideachtaí an AE/Reachtaíocht maidir le Dlí na gCuideachtaí [DC4]

Tá an rannóg seo freagrach as idirbheartaíocht a dhéanamh maidir le tograí AE um dhlí na gcuideachtaí agus maidir le trashuíomh moltaí an AE go dlí intíre.
www.companylawlegeu@djei.ie

(iii) Athbhreithniú ar Dhlí na gCuideachtaí

Bíonn an Rannán seo ag fónamh mar Rúnaíocht don Ghrúpa Athbhreithnithe Dlí na gCuideachtaí.

Is iad seo a leanas príomhthascanna an Rannáin:

- Clár oibre an Ghrúpa a bhrostú agus an tuarascáil shubstaintiúil a dhéanamh, gach dara bliain, de thoradh ar an gclár oibre, agus

- Moltaí an Ghrúpa Athbhreithnithe a chur chun cinn chuig an gcéim reachtaíochta, faoi réir cheadú an Aire/an Rialtais

(iv) Seirbhísí Airgeadais Dhlí na gCuideachtaí

De bhreis ar bheith ag déileáil le líon ceisteanna maidir le dlí na gCuideachtaí, a bhaineann le ginearáltacht cuideachtaí, is é ról an aonaid seo aghaidh a thabhairt ar cheisteanna a bhaineann leis an tslí a n-idirghníomhaíonn Dlí na gCuideachtaí leis an Rannán Seirbhísí Airgeadais agus le tionscal na gCistí Comhinfheistíochta go háirithe. Déileáiltear le roinnt reachtaíochta, atá taobh amuigh de dhlí na gcuideachtaí, ach a bhaineann le Cistí Comhinfheistíochta, san aonad seo chomh maith.
www.djei.ie

(v) An tAonad Reachtaíochta Comhoibríche

Is é príomhról an aonaid comhairle agus cabhair a thabhairt don Aire i ndáil lena chuid freagrachtaí reachtúla, beartas agus bainistíochta a chomhlíonadh, faoi na hAchtanna um Chumainn Tionscail agus Soláthair, faoi Achtanna na gCara-chumann agus faoi na hAchtanna Ceardchumann, lena n-áirítear an fhreagracht atá air monatóireacht a dhéanamh ar Chláraitheoir na gCara-chumann agus tacaíocht a thabhairt dó. Baineann an obair seo leis an gcreat reatha reachtach agus rialála agus le moltaí i gcomhair athruithe ar an córas reatha.
www.cooplaw@djei.ie

(vi) Rialú Gnó

Is é ról an Aonad Rialú Gnó ná clár an Rialtais um ualach riaracháin a mheas agus a laghdú a chur chun cinn. Cuireann an tAonad rúnaíocht ar fáil don nGrúpa ard-leibhéil um Rialú Gnó agus ina theannta sin déanann sé idirghníomhú na hÉireann leis an Eoraip sa réimse seo a chomhordú. Tá mar sprioc curtha ag an Rialtas laghdú 25% a bhaint amach ar an ualach a bhaineann le rómhaorlachas faoin mbliain 2012.
www.betterregulation@djei.ie